- Cinntiú go gcuirtear caighdeáin chuí i bhfeidhm
- Cinntiú go bhfuil caighdeáin sna hinstitiúidí éagsúla inchurtha lena chéile.
- Féachaint ar dhréacht de gach páipéar scrúdaithe, ar gach freagra samplach agus ar na scéimeanna marcála.
- Deineann siad athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe srl, atá cuí ina dtuairim.
- Breith a dhéanamh ar oiriúnacht mharcáil na n-ábhar scrúduithe a chuirtear os comhair na n-iarratasóirí ar gach leibhéal rangaithe.
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin i ngach bliain acadúil

Bhí na daoine seo a leanas ina scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid i gcaitheamh na bliana acadúla 2003/2004.

## CÚRSAÍ I STAIDÉAR GNÓ

***Ard-Teastas i Staidéar Gnó***
Declan Fleming
James Gerard Long

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó***
Declan Fleming
James Gerard Long

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó – Córais Fhaisnéise Oifige***
An Dr. Vincent Murphy
Declan Fleming

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó – Margaíocht***
An Dr. Aidan Daly
An Dr. Damien Roche

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó - Cuntasaíocht***
An Dr. Aidan Daly
James Gerard Long
Damien Roche

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó – Bainistiú Córas Faisnéise***
An Dr. Vincent Murphy
Declan Fleming

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó – Gnó Idirnáisiúnta***
An Dr. Aidan Daly

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó – Teangacha agus Gnó – Fraincis***
Declan Fleming

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó – Teangacha agus Gnó – Gearmáinis***
Declan Fleming

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó sa Turasóireacht***
Sean J. Duffy
Gerard Dunne

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta***
Eileen O Neill
An Dr. Niall McElwee

***MA in Ard-Staidéar Cúram Sláinte & Sóisialta***
Robina Tinning

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó i dTurasóireacht agus Teangacha***
Sean J. Duffy
Gerard Dunne

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Pobail***
John Andy Bonar

***Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó i mBainistiocht Óstaíochta Idirnáisiúnta***
Orla O'Doherty

***Baitsiléir i Staidéar Gnó agus i mBainistiocht Óstaíochta Idirnáisiúnta***
Lucy Horan

***Baitsiléir i Staidéar Gnó – Margaíocht***
An Dr. Aidan Daly
Vincent Murphy
Dr. Damien Roche

***Baitsiléir i Staidéar Gnó – Cuntasaíocht***
Dr. Aidan Daly
James Gerard Long
Vincent Murphy

***Baitsiléir Ealaíona – Bainistiú Córas Faisnéise***
Dr. Vincent Murphy
Declan Fleming

***Baitsiléir i Staidéar Gnó –Ríomh-Ghnó***
Dr. Pat Finnegan
Dr. Vincent Murphy

***Baitsiléir i Staidéar Gnó – Ilmheáin Idirghníomhacha***
Dr. Vincent Murphy
Helen Doherty

***Cúrsaí Iarchéime Teanga do Mhúinteoirí Bunscoile***
Ruth Harris

## CÚRSAÍ SAN INNEALTÓIREACHT & SAN TEICNEOLAÍOCHT

***Teastas Náisiúnta i Staidéar Foirgníochta***
Patrick Carter
Joe Garry

***Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Talmhaíochta***
Malcolm Carr-West
Dr. Seamus D. Murphy

# Scrúdaitheoirí Seachtracha

***Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Shibhialta***
Eamonn Cannon
Joseph Kindregan

***Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Mheicniúil***
Raymond Kazmierczak
Nigel Roberts
An t-Oll. Patrick Mallon

***Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach***
Raymond Kazmierczak

***Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Talmhaíochta***
Malcolm Carr-West
An Dr. Seamus D. Murphy

***Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Táirgeachta***
Nigel Roberts

***Dioplóma Náisiúnta sa bhFoirgníocht – Teicneolaíocht Fhoirgníochta***
Patrick Carter
Joe Garry

***Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Shibhialta***
Eamonn Cannon
Joseph Kindregan

***Teastas Náisiúnta sa Teicneolaíocht – Teicneolaíocht Déantúsaíochta***
An Dr. M.I. Stephenson

***Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Déantúsaíochta***
Raymond Kazmierczak

***Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach***
Raymond Kazmierczak
Patrick Mallon

***Teastas Náisiúnta sa Teicneolaíocht – Innealtóireacht Bheachtais***
Mervyn Judge
An Dr. M. I. Stephenson

***Baitsiléir Eolaíochta – Bainistiú Foirgníochta***
An Dr. Joe Gunning

## CÚRSAÍ SNA DAONNACHTAÍ

***Dioplóma Náisiúnta sna Daonnachtaí – Staidéar Téatar Tuaithe***
Tony O'Dalaigh
An Dr. Mary O'Neill

## CÚRSAÍ SAN EOLAÍOCHT AGUS SA RÍOMHAIREACHT

***Teastas Náisiúnta san Eolaíocht – Bitheolaíocht Fheidhmeach***
An tOll. Richard O'Kennedy
An Dr. Ali Raza Ansari
An Dr. John Mulvihill
An Dr. Malachy Thompson
Michael Hickey

***Teastas Náisiúnta san Eolaíocht – Ceimic Fheidhmeach***
An Dr. John Mulvihill
An Dr. Malachy Thompson
An Dr. Ali Raza Ansari
An tOll. Richard O'Kennedy
Michael Hickey

***Teastas Náisiúnta san Eolaíocht – Fotóinic***
An tOll. I.T. McGovern
An Dr. Ali Raza Ansari
An Dr. Malachy Thompson

***Teastas Náisiúnta sa Ríomhaireacht***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

***Dioplóma Náisiúnta sa Ríomhaireacht – Forbairt Bhogearra***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

***Dioplóma Náisiúnta san Eolaíocht– Eolaíocht Anailíseach***
An Dr. John Mulvihill
An tOll. Richard O'Kennedy
Michael Hickey

***Dioplóma Náisiúnta san Eolaíocht– Fotóinic***
An tOll. I.T. McGovern

***Teastas Náisiúnta san Eolaíocht – Staidéar Sláinte & Fóillíochta***
An Dr. Kathy Fulcher
An Dr. Francis Kew

***Teastas Náisiúnta san Eolaíocht- Anailís Bhia i dteannta le dearbhú cáilíochta***
An Dr. John T Mulvihill
An tOll. Richard O'Kennedy
Michael Hickey

***Dioplóma Náisiúnta san Eolaíocht - Staidéar Sláinte & Fóillíochta***
An Dr. Kathy Fulcher
An Dr. Francis Kew

***Teastas Náisiúnta sa Ríomhaireacht – Tacaíocht do Theicneolaíocht Fhaisnéise***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

# Scrúdaitheoirí Seachtracha

***Dioplóma Náisiúnta san Eolaíocht – Anailís Bia i dteannta Dearbhú Cáilíochta***
An Dr. John T Mulvihill
An tOll. Richard O'Kennedy
Michael Hickey

***Dioplóma Náisiúnta san Eolaíocht – Staidéar Sláinte agus Fóilliochta***
An Dr. Kathy Fulcher
An Dr. Francis Kew

***Teastas Náisiúnta sa Ríomhaireacht Tacaíocht do Theicneolaíocht Fhaisnéise***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

***Dioplóma Náisiúnta san Altranas***
Margaret McCarthy
Thomas Kearns

***Dioplóma Náisiúnta san Altranas (CCDA)***
Thomas Kearns
Margaret McCarthy

***B.Eol. san Altranas in Altranas Ginearálta***
Mark Philbin
Thomas Kearns

***B.Eol. san Altranas in Altranas Ginearálta (CCDA)***
Margaret McCarthy

***B.Eol. san Altranas in Altranas Síciatrach***
Mark Philbin

***B. Eol. sa Ríomhaireacht- Forbairt Bhogearra***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

***B. Eol. – Bainistiú Áiseanna***
Bernard Williams
Bernard Skelton

***B. Eol. – Eolaíocht Anailíseach i dteannta le Forbairt Táirge/Próisis***
An Dr. John Mulvihill
An tOll. Richard O'Kennedy
An Dr. Malachy Thompson
Michael Hickey

***Dioplóma Iarchéime i Ríomhaireacht san Oideachas***
An Dr. Hugh Gibbons

***M.Eol. i Ríomhaireacht san Oideachas***
An tOll. Mona O'Moore
An Dr. Hugh Gibbons

***B. Eol. i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta***
Catherine Murphy
An Dr. Catherine Woods

***B. Eol. Ríomhaireacht i dteannta Staidéar Fiontair***
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

***B. Eol. – Forbairt Idirlín***
Ted Parslow
An Dr. Desmond Chambers

***B. Eol. – Ilmheáin***
Ted Parslow
An Dr. Desmond Chambers

***Dioplóma Iarchéime san Eolaíocht- Eolaíocht Saotharlainne san Oideachas***
Francis J. McGourty
John Oliver Ryan

***M. Eol. in Eolaíocht Saotharlainne san Oideachas***
Francis J. McGourty
John Oliver Ryan




# Staidrimh maidir le Mic Léinn


## Staidrimh maidir le Mic Léinn 2003/2004

| Clárúcháin tríú leibhéil de réir dámhachtana | | Líon iomlán | Céatadán |
|---|---|---|---|
| ***Teastas Náisiúnta*** | | | |
| | Scoil an Staidéir Ghnó | 445 | 15.37% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 305 | 10.54% |
| | Scoil na hEolaíochta/Ríomhaireachta | 274 | 9.46% |
| ***Dioplóma Náisiúnta*** | | | |
| | Scoil an Staidéir Ghnó | 414 | 14.30% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 74 | 2.56% |
| | Scoil na hEolaíochta/Ríomhaireachta | 129 | 4.46% |
| ***Cúrsaí Céime*** | | | |
| | Scoil an Staidéir Ghnó | 302 | 10.43% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 37 | 1.28% |
| | Scoil na hEolaíochta/Ríomhaireachta | 170 | 5.87% |
| | Scoil an Altranais | 268 | 9.25% |
| ***Iarchéimithe*** | | | |
| | Scoil an Staidéir Ghnó | 19 | 0.66% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 6 | 0.21% |
| | Scoil na hEolaíochta/Ríomhaireachta | 20 | 0.69% |
| ***CERT / FÁILTE ÉIREANN*** | | 140 | 4.83% |
| ***Printíseachtaí*** | | 292 | 10.09% |
| **IOMLÁN** | | **2,895** | **100.00%** |


### Bunús na Mac Léinn Tríú Leibhéil




### Clárúcháin Tríú Leibhéil





### Clárúcháin Tríú Leibhéil - Mic Léinn Bhaineanneacha




# Staidrimh maidir le Mic Léinn

## Clárúcháin Tríú Leibhéil de réir Ábhair




## Cúlra Sócheacnamaíoch Mac Léinn Tríú Leibhéil (iontrálaithe nua amháin)






# Seirbhísí do Mhic Léinn

Tháinig feabhas mór ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht na Seirbhísí do mhic léinn i 2003/2004 de thoradh ar oscailt an Ionad Tiomnaithe Seirbhísí do Mhic Léinn ar an gCampas Thuaidh, de thoradh ar chomhdhlúthú Seirbhísí Rochtana, Sláinte, Comhairleoireachta agus Séiplíneachta i Roinn A (Urlár Talún) den gCampas Theas agus de thoradh ar na seirbhísí bainistíochta agus riaracháin a bheith comhtháite laistigh d'Oifig an Chláraitheora i Roinn C (SC). Tá gné nua curtha leis an gclár spóirt agus áineasa do mhic léinn de bharr Ionad Aclaíochta agus Aeróbaice a bheith ar fáil ar an gCampas Theas. Is mór an t-acmhainn agus ba mhór an t-ábhar misnigh é do sheirbhísí do na mic léinn gur ceapadh Comhairleoir mac léinn lánaimseartha agus gur fhill an tAthair Pat O'Donnell, rud ar fáiltíodh go mór roimis. Tá aithne níos fearr ar sheirbhísí do mhic léinn de bharr an Chlár Treo-aimsithe nuachóirithe agus de bharr baint a bheith ag an Institiúid le traenáil Ionadaí Ranga. Dá thoradh sin tá tuilleadh éilimh ar na seirbhísí, go háirithe ar thacaíochtaí pearsanta.

### An Oifig Rochtana

Bíodh is gurbh í feidhm na hOifige Rochtana go dtí seo cúnamh a thabhairt do dhaoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht teacht isteach san tríú leibhéal, dírítear a lán dá cuid acmhainní ar mhic léinn faoi mhíchumas, ar mhic léinn fásta agus ar riarachán an chiste um Chúnamh do Mhic Léinn. Bhí 52 mhac léinn faoi mhíchumas cláraithe sa bhliain 2003/2004 agus bhí 19 díobh siúd ina n-iontrálaithe 1ú bliana. Fuair 14 mhac léinn maoiniú dar luach iomlán €99,556 ón gCiste Sóisialta Eorpach, i ndáil le míchumais agus i ndáil le fadhbanna foghlama. Dob fhéidir seirbhísí agus trealamh go raibh géarghá leo a dháileadh agus leas a bhaint astu ní ba thúisce de bharr go raibh nósanna imeachta oibriúcháin nua ag Oifig Náisiúnta an Údarás Ardoideachais chun measúnú i ndáil le maoiniú a dhéanamh ar mhic léinn a leanann orthu ag staidéar. Cuireadh tuiscint ar mhíchumas chun cinn trí thraenáil don bhfoireann i mí Mheáin Fhómhair, trí Fhóram maidir le hEolas agus Tuiscint ar Mhíchumas do ghníomhaireachtaí tacaíochta i mí na Samhna agus mar chuid de chlár Lá Oscailte na hITT. Seoladh Treoir do Mhic Léinn Aibí, deineadh Dréacht-bheartas Rochtana agus tá tús curtha lena linn sin, le Treoir ITT do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Chláraigh 152 mhac léinn aibí sa chéad bhliain. Leithdháileadh €147,992 ar 149 mac léinn tríd an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn agus fuair 37 mac léinn maoiniú na Mílaoise. D'éirigh go han-mhaith leis an gClár Rochtana um Aimsiú Bealaí Gairme do mhic léinn 2ú leibhéal agus le "Soccer 4 Success" do dhaltaí bunscoile, rudaí a chruthaigh nascanna tábhachtacha le scoileanna agus leis an bpobal.

### Seirbhís Tacaíochta Disléicse

Bhí 46 mac léinn cláiraithe don tSeirbhís Tacaíochta Disléicse. Bhí 21 díobh siúd ina mic léinn céad bhliana. Tháinig 39 mac léinn ar a raibh an disléicse isteach san tSeirbhís agus tháing 7 isteach ar a raibh fadhbanna foghlama eile. Tugadh isteach tástálacha scagtha nua caighdeánaithe ar bonn náisiúnta fhad's atá gnáthamh measúnaithe síceoideachasúil á shocrú ag ITT ar bonn píolótach i gcomhar le Comhairleoir na mac léinn. Is do mhic léinn a thagann isteach gan aon doiciméadú ar mheasúnú agus / nó gan doiciméadú tacaíochta a dheintear é seo. Leidhdháileadh €54,651 faoi mhaoiniú do mhíchumas ar 36 mac léinn ar a bhfuil an Disléicse. Bainfidh mic léinn ar a bhfuil an Disléisce tairbhe faoi leith as na seomraí Acmhainne Disléicse atá ar an dá champas, mic léinn go bhfuil teacht uathu ar theicneolaíocht chúnta agus ar shainthrealamh agus ar bhogearra speisialta eile. Soláthraíodh cóiríocht speisialta scrúdaithe do mhic léinn faoi mhíchumas i gcomhairle le foireann acadúil agus le foireann scrúdaithe. Bhí mórchuid na cóiríochta sin suite i mBloc D ar an gCampas Theas. Tugadh lámhleabhar mar gheall ar an Disléicse don bhfoireann i mbliana mar thriail agus cuireadh fáilte mhór roimis.

### An tIonad Sláinte

Is féidir freastal ar líon na mac léinn atá ag dul i méid de shíor, ar shlí i bhfad níos éifeachtaí anois de bharr seomraí dochtúra nua lánfheistithe a bheith san Ionad Seirbhísí do mhic léinn ar an gCampas Thuaidh. Tá an tIonad ag freastal ar a lán breoiteachtaí éagsúla agus ar riochtanna atá ag gabháil go tipiciúil le pobal mac léinn atá ag éirí níos ilghnéithí de réir a chéile. Bhí baint ghníomhach ag an Ionad i roinnt tionscnamh chun an tsláinte a chur chun cinn, i gcomhar le Bord Sláinte an Deiscirt agus gníomhaireachtaí eile. Díríodh go mór mór ar shaincheisteanna sláinte a léiríonn dearcadh agus stíl bheatha pobal na mac léinn atá óg, ar an gcuid is mó de. Tá fadhbanna sláinte mheabhrach ag goilliúint ar níos mó mic léinn. Fuair an tIonad Sláinte 2,519 gcuairt ó mhic léinn agus ba mhic léinn bhaineannacha dha thrian díobh siúd, nach mór. Thug 1,007 mac léinn cuairt ar sheomra an dochtúra (232 fireann/775 baineann). Dhein an bhanaltra scagadh ar gach mac léinn a tháinig chuig an Ionad agus chuir an bhanaltra cóireáil ar 1,512 mhac léinn. Thug Bord Sláinte an Deiscirt clinicí sláinte do mhná isteach ar an gcampas i bliana. Reáchtáiltí uair in aghaidh na míose iad.

### Seirbhís Chomhairleoireachta

De thoradh ar Chomhairleoir na Mac Léinn lánaimseartha a bheith ceaptha i mí Lúnasa 2003 bhí deis againn ar ár machnamh a dhéanamh ar riachtanais chóhort mac léinn atá ag dul in éagsúlacht de réir a chéile, go háirithe riachtanais i ndáil le trasdul agus comhtháthú san tríú leibhéal, i ndáil le héilimh acaúla éagsúla, forbairt phearsanta agus athrú, dúshláin faoi scileanna idirphearsanta agus scileanna chun déileáil le deacrachtaí agus i ndáil leis an gcéad uair go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar bheith ag marachtaint go neamhspleách, rud atá roimh mhórán díobh. Thug Comhairleoir na mac léinn a bhí ag obair as láimh a chéile le gairmithe eile seirbhíse do mhic léinn tacaíocht dhíreach duine le duine chomh maith le tacaíocht neamhdhíreach do mhic léinn agus do bhaill fhoirne. Bhí idirchaidreamh á dhéanamh aige/aici leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an bhfoireann de réir mar ba ghá agus bhí réimse de chláracha traenála agus forbartha á sholáthar aige/aici. Bhí baint ag an gComhairleoir le roinnt tionscnamh faisnéise agus feasachta, ar a n-áirítear dréacht-lámhleabhar chun déileáil le sláinte mheabhrach mac léinn agus thug sé/sí cabhair chun Prótacal Méala do Mhic Léinn a chur le chéile. Bhain 58 mac léinn leas an an tseirbhís. Tháinig 37 díobh siúd ar a gcónlan féin agus cuireadh an chuid eile ar aghaidh chuige / chuici ag an Ionad Sláinte, ag seirbhísí do mhic léinn agus ag baill foirne eile nó ag tuismitheoirí.

## An tSéiplíneacht
Ba chúis áthais don Institiúid é fáilte a chur ar an Ath. Pat O'Donnell a tháinig ar ais chughainn agus aitheantas a thabhairt don obair a dhein an tAth. Teddy Linehan i gcaitheamh 2002/2003. Toisc go raibh Seomraí Ciúine ar fáil ar an dá champas bhí an áis chomh maith leis an deis agus an chomhthimpeallacht ann den chéad uair chun an tseirbhís séiplíneachta a fheabhsú don bhfoireann agus do na mic léinn, go háirithe ó thaobh spioradáltacht de. Dearbhaíonn Aifreann laethúil, an deis chun machnamh ciúin a dhéanamh agus an úsáid a bhaineann idir fhoireann agus mhic léinn as Leabhar na nAchainí agus as Leabhar na gCuimhneachán an tairbhe atá ag gabháil leis na seomraí seo. Chuir an fás atá tagaithe ar éagsúlacht chóhort na mac léinn dúshláin nua roimh an bhfoireann agus roimh na mic léinn ar fad, an tSéipilíneacht ina measc, agus an t-iarracht atá a dhéanamh aici tréadchúram a chur ar fáil. Chaith an tSéiplíneach cuid mhór dá chuid ama ar chúrsaí cóiríochta agus ar thacaíocht airgid do mhic léinn. Bhailigh Coiste na gCarthanachtaí atá faoi riarachán an tSéiplínigh ¤10,350 do thionscnaimh agus do ghníomhaireachtaí áitiúla agus idirnáisiúnta.

## Seirbhísí do chéimithe
Chuir an tOifigeach Socrúcháin do chéimithe ní ba mhó ná 150 coinní duine le duine ar fáil de bhreis ar bheith ag caint le ranganna agus le grúpaí nó ar bheith ag tabhairt ceardlanna ar fhorbairt ghairme, ar nósanna imeachta déanta iarratais ar phost, ar scileanna agallaimh agus ar roghanna staidéir bhreise. D'fhreastail sí ar dhá cheardlann faoi fhostú céimithe faoi mhíchumas, a bhí á reáchtáil ag Workway agus ag AHEAD. Thug roinnt cuideachtaí áitiúla, náisiúnta agus ilnáisiúnta cuairt ar an Institiúid chun cur-i-láthair a dhéanamh agus, chun mic léinn agus céimithe a chur faoi agallamh, i roinnt cásanna. Socraíodh agallaimh bhréagacha i gcomhar le gnóthais áitiúla agus le teagmhálacha sa tionscal do ranganna a bhí ag baint amach céime. Tháinig aiseolas áisiúil ar fhostaíocht luath céimithe as an tSuirbhé Bliantúil ar Chéimithe a deineadh ag bronnadh na gcéimeanna i mí Dheireadh Fómhair. Ba thairbhiúil an rud é freastal an Oifigigh Socrúcháin do chéimithe ag cruinnithe de chuid Líonra Comhairleach Gairmeacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta, ó thaobh tagarmharcála seirbhísí do chéimithe de, agus ó thaobh forbairt sár-chleachtais d'IT Thrá Lí de.

## Spórt
Treisíodh an clár spóirt agus fóillíochta go mór de bharr gur cuireadh tús leis an obair ar shuíomh na bpáirceanna imeartha nua ar an gCampas Thuaidh agus de bharr gur osclaíodh na hIonaid Aclaíochta Aeróbaice ar an gCampas Theas do mhic léinn agus don bhfoireann i gcomhair oilúna agus traenála aclaíochta pearsanta. Tá 30 club, nach mór, ag brath go mó mór ar áiseanna spóirt áitiúla faoi láthair chun a gcuid traenála agus comórtas a dhéanamh agus is mór an costas atá air seo. Chuaigh dea-mhéin clubanna áitiúla go mór chun tairbhe don Institiúid mar a bhíodar ag déanamh éascaíochta dár gcuid riachtanas ar feadh na bliana ar fad. Bhí fadhbanna ag gabháil le cruinnithe club agus le traenáil foirne de thoradh an champas a bheith deighilte. Cuirfidh láthair idirlín CLG na hInstitiúide agus an scéal seachtainiúil faoi CLG na hInstitiúide sa pháipéar nuachta Kerryman go mór le próifíl na hInstitiúide. Bliain rathúil ab ea í ó thaobh comórtaisí de, mar baineadh buanna amach i réimse fhairsing de spóirt foirne agus spóirt duine aonair. Fuaireas bua i bPeil na mban (O Connor Shield), i Liathróid láimhe (Oliver Cassidy-Intervarsity), i Sacar na mban (Challenge Cup and League), Sacar na bhFear (CFAI Plate), Cispheil na mban (ISSA Cup), Haca (ISSA Indoor), Dornálaíocht (Ór agus Airgead, Alan Coyne,Brian Walsh, James Healy, agus ba é Alan Coyne dornálaí an Chomórtais), Judo (Ór agus Airgead, na Mumhan agus na hÉireann-JT Deenihan, Ryan O'Sullivan), Lúthchleasaíocht (Eoin Fleming, Airgead-ISSA Raon agus Faiche), Comórtas ceannais iománaíochta mac léinn na chéad bhliana agus comórtas ceannais rugbaí na bhfear. Leis an méid seo ní deacair don Institiúid súil a chaitheamh siar ar bhliain spóirt fíor rathúil.

## Cumainn
Cumainn

Tar éis d'Oifigeach na gCumann éirí as a phost i mí Bhealtaine 2003 ba é an Oifig Sheirbhísí do mhic léinn a d'eagraigh gníomhaíochtaí mac léinn i gcomhar le hAontas na mac léinn. Lean na Cumainn a bhí go maith bunaithe orthu ag feidhmiú ach bhí easpa tacaíochta agus comhordaithe ar chumainn eile, go háirithe toisc go raibh baill na gcumann scaipithe thar an dá champas. Lean na hInnealtóirí Talmhaíochta Óga, an Cumann Díospóireachta, an Cumann Grianghrafaíochta, Cumann an Chóir/Cheoil, an Cumann Scannánaíochta/Físe agus Cumann na mac léinn aibí de bheith ag tabhairt áise sóisialta do roinnt mic léinn, a bhuíochas leis an obair dheonaitheach a dhein an fhoireann go mion minic. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gceapfear Oifigeach na gCumann arís i dtreo is gur féidir gníomhaíocht na gcumann a chur chun cinn mar is rud é seo atá ag teastáil go mór i gcomhair dul chun cinn na mac léinn, i gcomhair a bhforbartha agus i gcomhair a gcoinneála.

## Bronnadh na gCéimeanna agus Dámhachtainí Acadúla
Fuair 1,224 mac léinn a gcuid céimeanna ag na leibhéil Cheirde, Teastais Náisiúnta, Dioplóma, Chéime agus Mháistreachta ag cheithre cinn de sheisiúin bhronnta ag an Ionad Óstáin agus Comhdhála Brandon ar an Aoine, an 24ú Deireadh Fómhair 2003. Bronnadh duais CDAO (HETAC) do Mhac Léinn ITT na bliana ar Martina Lawless, Baitsiléir Staidéir Ghnó (Cuntasaíocht) agus dámhadh duais Fháilte Éireann do mhac léinn na bliana ar Noreen O'Sullivan a fuair Teastas Náisiúnta i Seirbhís Bheáir. Bhí tuairim is 3000 aoi i láthair, idir chéimithe agus bhaill teaghlaigh, ag an chéad Bhronnadh Céimeanna bliantúil a cuireadh ar siúl lasmuigh de champas na hInstitiúide. Dob fhéidir an searmanas, an tionól, gléasadh le fallaingí, tógáilt na ngrianghrafanna agus lónadóireacht trí chéile a reáchtáil san aon ionad amháin, rud ba iomchuí do scála agus do thábhacht na hócáide.

Chuir IT Thrá Lí fáilte roimh 112 mhac léinn idirnáisiúnta i gclár staidéir faoi mar atá sonraithe anseo thíos:

| | | |
|---|---|---|
| **B. Staidéir Ghnó, Margaíocht** | **Bliain 4** | **6** |
| **B. Staidéir Ghnó, Cuntasaíocht** | **Bliain 4** | **3** |
| **Diopl. Náis. Staidéir Ghnó** | **Bliain 3** | **8** |
| **Diopl. Náis. Turasóireacht** | **Bliain 3** | **1** |
| **B. Eol. Ríomhaireacht** | **Bliain 4** | **1** |
| **Diopl. Náis. Ríomhaireacht** | **Bliain 3** | **5** |
| **Diopl. Náis. Fótóinic** | **Bliain 3** | **1** |

Glaoitear 'Erasmus Measctha' ar an gcineál eile mac léinn (39 fireann agus 48 baineann). Thóg mic léinn an 'Erasmus Mheasctha' rogha d'ábhair chun creidiúint acadúil a bhailiú, ó chláracha i Scoil an Staidéir Ghnó & Shóisialta, i Scoil na Ríomhaireachta agus i Scoil an Staidéir Innealtóireachta & Fhoirgníochta. Tháinig na mic léinn seo ó institiúidí comhpháirtíochta sa Bheilg, sa bhFionlainn, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Spáinn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

Thug triúr mac léinn ó ITT faoi staidéar sa Chlár Idirnáisiúnta NDBS (Dioplóma Náisiúnta i Stairdéar Gnó) thar lear sa bhliain acadúil reatha. mar a leanas:

| Líon na mac léinn | Clár | Institiúid | Tír |
|---|---|---|---|
| 1 | NDBS, Turasóireacht agus Teangacha | IPAG, Nice | An Fhrainc |
| 2 | NDBS, Teangacha & Gnó | IPAG, Nice | An Fhrainc |

Chaith cúigear d'fhoireann teagaisc ITT ó Scoil an Staidéir Ghnó agus Shóisialta agus ó Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta (3 fireann, 2 baineann) seachtain i mbun teagaisc in institiúid chomhpháirtíochta sa bhFrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe. Is iad seo a leanas na réimsí ábhair a bhí bainteach leis: cuntasaíocht, matamaitic, teangacha, cumarsáid agus rince.

Bhí an Institiúid ina óstach do fhoireann teagaisc ó institiúidí comhpháirtíochta sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa bhFionlainn agus sa Ríocht Aontaithe. Tháinig forbairtí leanúnacha as an ngníomhaíocht seo ó thaobh modheolaíocht teagaisc agus ábhair de araon. Is iad na disciplíní ag a bhfuil baint leis seo ná Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta.

Baineadh úsáid as ECTS (Córas Eorpach d'Aistriú Creidiúintí) i gcomhair gach mic léinn ghluaistigh. Da bharr sin bhí sé ní b'fhusa aitheantas a thabhairt dóibh.

Bhí an Institiúid ina óstach ar chuairteanna ó chomhpháirithe ón iasacht gach mí d'fhonn comhoibriú i dtaighde agus i bhforbairt churaclaim a chur chun cinn, chomh maith le tionscnaimh choitianta.

Cuireadh comhoibriú ar bonn le hInstitiúid Teicneolaíochta Wentworth i mBoston, SAM.

Dhein an Institiúid socrúcháin oibre thar lear trí Chlár Leonardo da Vinci do mhic léinn chun taithí luachmhar oibre a fháil agus thug sí cóiríocht do mhic léinn idirnáisiúnta, leis, a bhí ag lorg socrúcháin oibre in Éirinn.

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta le himeachtaí a d'eagraigh an tÚdarás Ardoideachais, HLP agus ICOS in Éirinn agus a d'eagraigh Coimisiún an AE thar lear.

Bhí an Institiúid rannpháirteach i gComhdháil Líonra Socrates a lean ar feadh dá lá, in Ollscoil Gdansk sa Pholainn i mí an Mheithimh 2004.

Is trí bhuiséad an Chláir Socrates a maoiníodh na gníomhaíochtaí thuas ar an gcuid ba mhó de, agus chuir an Institiúid maoiniú forlíontach leis.

# Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Cuireadh líon nach beag de chúrsaí oiliúna ar siúl i gcaitheamh na bliana. Bhí tinreamh maith orthu agus fuarthas aiseolas maith ó na cúrsaí.

- Bunscileanna bainisteoireachta
- Bainistíocht Ama
- Scileanna Agallaimh (comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha)
- Scileanna Cumarsáide Idirphearsanta
- Scileanna Scríofa Éifeachtaigh
- Traenáil Seirbhís Chustaiméara
- Scileanna Agallaimh (Grád 6 & 7)
- Ceannaireacht Foirne
- Scileanna Maoirseachta
- Scríobh Tuairiscí proifisiúnta

Is é atá sa mhéid thuas ná dul chun cinn mór do sholáthar oiliúna san Institiúid. Níl na tacaíochtaí aonair a thugtar do bhaill foirne atá ag iarraidh cáilíochtaí acadúla breise a bhaint amach san áireamh leis seo. Is mian leis an Rannóg Acmhainní Daonna tacaíocht a thabhairt don bhfoireann le tionscnaimh oiliúna a bhaineann le bainistíocht líne.


Ar an 12ú Bealtaine thug an Institiúid aitheantas foirmiúil do sna baill foirne seo a leanas go bhfuil 25 bliain seirbhíse curtha isteach acu:

- Richard Carmody
- Pat McCarthy
- Aoileann NicGearailt
- Mary O'Riordan
- Kathleen O'Sullivan
- Tim Scannell
- John Treacy (Dr)

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na daoine seo den bhfoireann a chuaigh ar scor ag deireadh na bliana acadúla 2003/2004:

- Sean Nagle
- Sean Og Sheehy
- Harry Wallace

Tá an-dul chun cinn déanta maidir le cur i ngníomh an Achta um Oibrithe Páirtaimseartha, 2001. Ceapadh an Dr. Michael Carmody mar Stiúrthóir na hInstitiúide ar an 16ú Meán Fómhair 2003 agus ceapadh an Dr. Oliver Murphy mar Chláraitheoir ar an 16ú Nollaig 2003.



# Tuairisc Airgeadais

Dheimhnigh an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2004 ar an 4 Aibreán 2005. Tá na ráitis airgeadais seo, go bhfuil sleachta díobh curtha síos anseo thíos, táid ullmhaithe de réir bunrialacha cuntasaíochta go nglactar leo go coitianta faoi chomhghnás an chostais stairiúil (lasmuigh de shócmhainní áirithe atá curtha san áireamh ag an luacháil) agus de réir riachtanas an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

## Ioncam & Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana barrachas oibríochta €2,661 míle. Tá barrachas carnaithe €3,532 míle ar an 31 Lúnasa 2003 ann dá bharr. Bhí méadú 14% ar ioncam reatha na bliana agus thug sé sin €27,657 míle. Tá deontaisí stáit €17,371 míle agus táillí teagaisc dar luach €3,767 míle san áireamh leis seo. Ba é luach iomlán caiteachas reatha na bliana ná €24,683 míle lenar áiríodh costaisí foirne €17,668 míle. Leathdháileadh €285 míle den Deontas Stáit Athfhillteach chun maoiniú a sholáthar i gcomhair chaiteachais chaipitiúil.

## Cuntas Caipitil

Fuair an coláiste sócmhainní seasta dar luach €8,095 míle san iomlán i gcaitheamh na bliana. Ba í muirear dhímheasa na bliana ná €2,855 míle san iomlán agus bhí luach glan na sócmhainní inláimhsithe arna méadú go dtí €44,856 ar an 31 Lúnasa.

## Talamh & Foirgnimh

Tá an Oifig Luachála chun luacháil iomlán a dhéanamh ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh. Nuair a bheidh an luacháil curtha i gcrích cuirfear na luachanna a bheidh socraithe ag an Oifig san áireamh sna ráitis airgeadais. Go dtí go mbeidh torthaí na hoibre ar fáil, is é neamhní luach measta an talaimh agus meastar luach na bhfoirgneamh ar bhonn costas athsholáthair. Tá luach sócmhainní seasta eile a bhí ann ar an 1 Eanáir 1993 measta de réir luach an mhargaidh oscailte i gcomhair a n-úsáid reatha. Luaitear gach breis atá curtha leo ó shin ag costas.



## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2004


| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas ón Stát | 17,371 | 15,206 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 2,855 | 2,761 |
| Táillí Teagaisc | 3,767 | 3,217 |
| Táillí Ceannsraithe | 1,515 | 1,394 |
| Taighde, Comhairliú agus Forbairt | 298 | 248 |
| Ioncam ó ús | 33 | 45 |
| Ioncam Eile | 1,818 | 1,435 |
| | **27,657** | **24,306** |
| **Caiteachas** | | |
| Ranna Acadúla | 14,172 | 13,452 |
| Seirbhísí Acadúla | 1,431 | 1,276 |
| Áitreabh | 1,602 | 1,729 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí Lárnacha | 3,128 | 2,927 |
| Áiseanna agus Conláistí do Mhic Léinn | 663 | 567 |
| Costaisí Oideachais Ginrearálta | 552 | 517 |
| Taighde, Comhairliú agus Forbairt | 280 | 239 |
| Dímheas | 2,855 | 2,761 |
| | **24,683** | **23,468** |
| BARRACHAS OIBRÍOCHTA | **2,974** | **838** |
| ARNA nAISTRIÚ CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA | (313) | (303) |
| BARRACHAS CARNAITHE AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR | 871 | 336 |
| BARRACHAS CARNAITHE AR AN 31 LÚNASA | **3,532** | **871** |

## Clár comhardaithe amhail 31 Lúnasa 2004


| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 44,856 | 39,616 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Feichiúnaithe | 5,060 | 3,290 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh | 2,015 | 748 |
| | **7,075** | **4,038** |
| **CREIDIÚNAITHE** | | |
| Méideanna a bheidh le n-íoc laistigh de bhliain amháin | (1,938) | (1,892) |
| GLAN-SHÓCMHAINNÍ REATHA | **5,137** | **2,146** |
| IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA | **49,993** | **41,762** |
| **Arna dtaispeáint ag** | | |
| **CÚLCHISTÍ** | | |
| Cuntas Caipitil | 44,856 | 39,616 |
| Cúlchiste Srianta | 1,605 | 1,275 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 3,532 | 871 |
| | **49,993** | **41,762** |




## Ioncam





## Caiteachas Caipitil




## Foinsí na nDeontaisí Caipitiúla




## Caiteachas



# Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile

## Cód Cleachtais do Rialachas Eagraíochtaí Stáit

Tá glactha ag an Institiúid leis an gCód Cleachtais do rialachas Eagraíochtaí Stáit, a d'fhaomh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus tá bearta déanta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Institiúid an Cód.

## Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is é is cuspóir do na hAchtanna um Chosaint Sonraí ná príobháideachas sonraí duine aonair atá á bpróiseáil a chosaint. Tá cearta ag an duine aonair de bharr na nAchtanna cóip a fháil de gach sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi agus atá i gcoimeád an rialaitheoir sonraí. Is rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus comhlíonann sí an reachtaíocht

## An tAcht um Eiticí in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001

De réir an Achta um Eiticí in Oifig Phoiblí, 1995 agus de réir an Achta um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001, tugann comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ráitis leasa don rúnaí gach bliain.

## Comhionannas

Tá an Institiúid tiomanta do bheartas chomhdheiseanna agus glacann sí cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Tá líon scéimeanna á oibriú ag an Institiúid ina dtugtar roghanna don bhfoireann chun freastal ar a gcuid riachtanas gairme agus ar a gcuid riachtanas pearsanta, mar shampla, comhroinnt poist, sos chun staidéir, cláracha oideachais agus sosanna gairme.

## Éifeachtacht Fuinnimh

Tá slite á n-iniúchadh ag an Institiúid chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú inti.

## Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Tá feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

Tháinig feidhm leis an Acht m aidir leis an Institiúid ar an 1ú Deireadh Fómhair 2001.

Bunaíonn an tAcht trí cearta reachtúla do gach ball den phobal

- Ceart fáil a bheith aige nó aici ar taifid atá á gcoinneáil ag eagraíochtaí poiblí
- Ceart faisnéis phearsanta a bhaineann lei féin nó léi féin a chur á leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Ceart cúiseanna a fháil atá le cinntí a dheineann eagraíochtaí poiblí agus a théann go holc dó nó di.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Foilseofar Tuarascálacha Bliantúla ó 2003/2003 ar aghaidh, Ráitis Airgeadais agus doiciméidí ábhartha eile go comhuaineach san dá theanga oifigiúla i gcomhlíonadh forálacha ginearálta an Achta.

## An tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas, 1997

An tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997 mar a leasaíodh é ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002, (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

Leasaíodh an tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997 (an tAcht) ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála). Tháinig feidhm leis an Acht ar an 2ú Eanáir 1998.

Tugtar tuairisc ar chleachtais íocaíochta na hInstitiúide thíos don bhliain dar críoch 31ú Lúnasa 2004, de réir mar a éilíodh leis an Acht.

(a) Tá sé de bheartas ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí deimhin a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta i bhfeidhm a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus deimhin a dhéanamh de go ndeintear íocaíochtaí roimh an dáta ar a bhfuilid iníoctha. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna /ríomhaistrithe airgid de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Tá pé rialúcháin agus pé nósanna imeachta a mheastar atá riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú sa chóras rialúcháin inmheánach. Tá rialúcháin cúntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialúcháin inmheánach na hInstitiúide. Tá na rialúcháin seo ceaptha chun a chinntiú go n-aithnítear sonraisc agus conarthaí i leith íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta atá leagtha síos faoi mar atá sainithe ag an Acht. Cuireann Rannóg na gCuntas tuairisc ar fáil a aithníonn sonraisc atá gan íoc agus deintear athbhreithniú ar an dtuairisc seo go rialta.

Is deimhin leis an bhfoireann bainistíochta go bhfuil forálacha an Achta comhlíonta ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí i ngach gné ábhartha.

Níor thárlaigh aon athrú ábhartha ón 1ú Meán Fómhair 2004.

### Mionsonraí ar íocaíochtaí déanacha faoin Acht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997..

Ba é 39 líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317

Ba é €141,817.34 luach na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317

Ba é 67 lá a bheag nó a mhór an mhoill a bhíodh ar íocaíochtaí déanacha

### An tAcht Sábháilteachta, Sláinte & Leasa 1989

De réir an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (1989) tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn gach gné a theagmhaíonn le leas na foirne, na mac léinn agus leas cuairteoirí.

